Maidin mhaith, a chairde. Tá áthas orm fáilte a chur romhaibh anseo ar maidin, don Chomhdháil Bhliantúil d'Ionchúisitheoirí. Tá a fhios agam go bhfuil cúrsaí an olltoghcháin i mbéal an phobail faoi láthair, agus gabhaim buíochas ó chroí le gach uile dhuine as teacht in ainneoin sin.

## Leibhéal Gníomhaíochta sna Cúirteanna Coiriúla

Tosóidh mé leis an leibhéal gníomhaíochta atá ann faoi láthair sna cúirteanna coiriúla.

Idir 2019 agus 2023, bhí méadú 149% ann ar líon na ndátaí cúirte sa Phríomh-Chúirt Choiriúil. Le linn na tréimhse céanna sin, méadaíodh líon na mbreithiúna sannta don Chúirt, le breis agus dhá oiread, ó 5 go 12. Sa chuid is mó den tír, bhí méadú suntasach ann fosta ar ghníomhaíocht na Cúirte Cuarda. Mar shampla, méadaíodh dátaí suí i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath le 24% thar an tréimhse chéanna idir 2019 agus 2023.

Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil infheistíocht bhreise rialtais sa chóras ceartais choiriúil mar thaca ag an ngníomhaíocht mhéadaithe seo – i dteannta le ceapacháin dhlíthiúla, tá méadú suntasach tagtha ar bhuiséid chun táillí abhcóidí agus táillí cúnaimh dhlíthiúil a mhaoiniú, mar aon le méadú luachmhar maoinithe dár mball foirne inár nOifig.

Tá leibhéil ollmhóra oibre agus tiomantais ár bhfoirne, ár n-abhcóidí ionchúisimh agus ár nAturnaetha Stáit mar bhonn agus mar thaca ag an ngníomhaíocht mhéadaithe seo, chomh maith le hiarracht na ndaoine eile a oibríonn ar fud an chórais lena n-áirítear breithiúna, foireann cúirte, foireann promhaidh agus príosúin, aturnaetha cosanta Gardaí agus imscrúdaitheoirí eile.

Dúshlán ar leith é an méid cásanna Phríomh-Chúirt Choiriúil atá ann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath mar, go stairiúil, ní raibh an Chúirt seo ach ina suí i mBaile Átha Cliath agus mar sin tá na daoine a thacaíonn leis an gcúirt sin lonnaithe i mBaile Átha Cliath. I rith 2019, reáchtáladh 127 dáta cúirte sa Phríomh-Chúirt Choiriúil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Ag deireadh na bliana 2023, bhí an figiúr sin ardaithe go 517, arb ionann é agus méadú 407% thar an tréimhse 2019-2023. Inniu, aithním tiomantas a léirigh mo fhoireann agus abhcóidí a thaistil ar fud na tíre chun tacú leis na trialacha sin.

## Dul Chun Cinn Le 10 mBliana anuas agus na Dúshláin Athchóirithe Romhainn

Tá go leor dul chun cinn déanta sa chóras ceartais choiriúil le 10 mbliana anuas. Mar shampla, tá cearta breise ag íospartaigh na coireachta le faisnéis agus tacaíocht a fháil, mar gheall ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017. Tá roinnt dul chun cinn déanta freisin maidir le hoiriúnú don ré dhigiteach nuair a glacadh le córas slán aistrithe comhad. Den chuid is mó, sílim gur éacht é gur éirigh leis na rannpháirtithe sa chóras ceartais choiriúil – ionchúisitheoirí, comhghleacaithe cosanta agus dlíthiúla chomh maith leis an oiread sin gníomhaireachtaí eile a bhí páirteach – cos a choimeád leis na leibhéil mhéadaithe gníomhaíochta agus leis an méid ábhar digiteach a bhí i gceist i ngach cás.

Tá sé tábhachtach, áfach, go dtuigfimid na dúshláin athchóirithe atá amach romhainn – chun an córas a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun eispéireas iomlán úsáideoirí ár seirbhísí a fheabhsú.

Beidh gach duine sa seomra seo ar an airdeall ar a dheacra is atá an próiseas ceartais choiriúil d'íospartaigh, d'fhinnéithe agus do dhaoine cúisithe agus ar an tionchar ar riaradh an cheartais nuair a bhíonn moilleanna iomarcacha ar chásanna a chur ar aghaidh, ón ngearán go dtí an chríoch.

I Meitheamh na bliana seo, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt taighde a bhí coimisiúnaithe ón Dr Marie Keenan agus ó dhaoine eile i UCD faoi Phróiseáil Cionta Gnéasacha in Éirinn. Labhair na taighdeoirí le raon leathan páirtithe leasmhara – lena n-áirítear cleachtóirí cosanta, breithiúna, abhcóidí, ionchúisitheoirí, Gardaí agus daoine eile. Baineann cuid de na ceachtanna ón tuarascáil sin le réimsí cleachtais eile lasmuigh de chionta gnéis. Aithníodh go raibh roinnt cúis is féidir moill a bheith ann i réimsí éagsúla an chórais. Áirítear orthu sin an gá atá le hinfheistíocht bhreise sa chóras ceartais choiriúil; dúshláin maidir le líon mór nochtadh a bhainistiú; cultúr 'nóiméad deiridh' ag cleachtóirí dlí a bhfuil an iomarca brú orthu; deacrachtaí sa chumarsáid idirghníomhaireachta agus bearnaí i dtuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chleachtais oibre a chéile; chomh maith le heaspa idirghníomhaíochta idir tacair shonraí ar fud réimsí éagsúla den chóras.

Sa tuarascáil leagtar béim ar na tuairimí a thug roinnt rannpháirtithe faoi neamh-éifeachtachtaí ullmhúcháin le haghaidh thriail nach dócha go leanfar ar aghaidh; chomh maith leis an easpa soiléireachta maidir le pianbhreitheanna agus go sonrach, an chreidiúint atá ar fáil as pléadáil chiontach a dhéanamh go luath. Moladh chomh maith leasuithe ar na struchtúir íocaíochta chúnaimh dhlíthiúil chun éifeachtachtaí oibriúcháin a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht luath le cás a spreagadh.

Tá sé tábhachtach na cúiseanna agus na fachtóirí a chuireann leis an moill a thuiscint, chun tacú le cinntí eolacha maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Is dóigh liom, áfach, go bhfuil sé tábhachtach fosta a aithint nach ionann an ghníomhaíocht féin agus an t-aon tomhas a bhfuil againn ar an luach. Chun an ghníomhaíocht mhéadaithe ar fad a aistriú go dul chun cinn bríoch maidir le dul i ngleic leis an moill, ní mór comhoibriú éifeachtach a bheith ann ionas go n-úsáidfimid ár n-acmhainní ganna go straitéiseach.

Go háirithe, tá sé tábhachtach a bheith feasach ar an méid ollmhór oibre agus acmhainní a théann chun cás a ullmhú le haghaidh trialach. Mar thoradh air sin, ní mór dúinn muid féin a eagrú inár gcóras, ionas gur féidir linn a chinntiú go mbeidh na cásanna seo in ann dul ar aghaidh nuair a liostaítear iad le haghaidh trialach. Éilíonn sé seo comhoibriú agus cumarsáid mhaith idir na hionchúisitheoirí, an lucht cosanta agus na breithiúna chomh maith le gníomhaithe eile sa chóras.

Inniu, tá plé painéil againn faoin bPrótacal Óige nua atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar na moilleanna maidir le cásanna tromchúiseacha éignithe agus dúnmharaithe a bhaineann le leanaí a thabhairt ón ngearán go dtí an chríoch. Is sampla maith é seo, dar liom, de luach an chomhoibrithe, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do cheannaireacht an Bhreithimh Biggs maidir leis seo agus buíochas a ghabháil léi as teacht ar maidin chun labhairt ar an ábhar seo, chomh maith leis an bPríomh-Cheannfort Colm Noonan, le hAoife O'Leary thar ceann Chomhairle an Bharra agus le Noreen Landers thar ceann an ODPP.

Tháinig an tionscadal seo ar an fhód de bharr ghrúpa úsáideoirí na Príomh-Chúirte Coiriúla, grúpa a bhunaigh an Breitheamh Paul McDermott. Léirítear an luach a bhaineann le grúpaí úsáideoirí cúirte, agus tá súil agam go leanann na grúpaí sin ag tabhairt deiseanna do na páirtithe leasmhara éagsúla chun plé maith a bheith acu maidir leis an mbealach is éifeachtaí chun cásanna a chur chun cinn tríd an gcóras cúirte. Táimid tar éis dul i dteagmháil freisin le hUachtarán na Cúirte Cuarda, an Breitheamh Patricia Ryan, agus táimid an-bhuíoch di freisin as bunú grúpa den sórt sin don Chúirt Chuarda a éascú.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil seirbhís mhaith tugtha do chóras Ceartais Choiriúil na hÉireann trí chóras ina bhfuil Barra neamhspleách ard-oilte agus saineolach againn ag gníomhú don ionchúiseamh agus don chosaint araon. Tá plé forleathan déanta ag m'Oifig maidir le hathbhunú na dtáillí abhcóidí agus cé go

bhfáiltím roimh chinneadh an Rialtais chun méadú breise de 8% a athbhunú ón 1 Eanáir 2025, ba mhaith liom a chur in iúl arís cé chomh tábhachtach agus atá sé a chinntiú gur leor na rátaí íocaíochta reatha chun daoine a mhealladh agus chun iad a choinneáil ar obair sa dlí coiriúil. Tá m'Oifig tar éis dul i ngleic go forleathan maidir le hathchóiriú táillí abhcóidí. Fáiltím roimh chinneadh an Rialtais méadú breise de 8% a thabhairt ar ais ón 1 Eanáir 2025. Ba mhaith liom béim a leagan arís ar cé chomh tábhachtach agus atá sé a chinntiú gur leor na rátaí íocaíochta reatha chun daoine a mhealladh agus iad a choinneáil ar obair sa dlí coiriúil. Mar sin féin, tá gá freisin breathnú ar an mbealach ina ndéantar táillí abhcóidí a struchtúrú, mar shampla, ionas go spreagtar agus go dtugtar luach saothair don rannpháirtíocht luath ó thaobh cásanna de.

Tá obair le déanamh freisin chun a chinntiú go bhfuil sé soiléir do chosantóir na buntáistí a bhaineann le pléadáil go luath agus go ndéantar idirdhealú soiléir idir an lascaine a bheadh le cur i bhfeidhm má phléadálann cosantóir ar an dáta trialach féin, seachas ar dháta níos luaithe. Tá roinnt breithiúnas soiléire ón gCúirt Achomhairc maidir leis seo anois ach creidim gur réimse é seo ina bhféadfadh Treoirlínte Pianbhreithe tacú tuilleadh le comhsheasmhacht an chur chuige; chomh maith le tacaíocht a thabhairt freisin do dhlíodóirí cosanta chun faisnéis mhaith a sholáthar dá gcliaint ag céim luath faoi na buntáistí a bhaineann le dáta trialach a ghlacadh gan ghá mura bhfuil sé ar intinn acu cás a chonspóid sa deireadh. Chun pléadálacha luatha a éascú, aithním fosta go bhfuil sé ríthábhachtach go gcomhlíonfadh an t-ionchúiseamh a oibleagáidí nochta a luaithe is féidir.

## *DPP v. WC* Breithiúnas

Mar is eol do chách anseo lena chinntiú go bhfuil triail cothrom, tá dualgas ar an ionchúiseamh aon ábhar ábhartha a sholáthar don chosaint. Tá an dualgas seo ag éirí níos dúshlánaí de réir mar a leanann an ré dhigiteach ar aghaidh, go háirithe nuair a bhíonn cuid ábhair an-phríobháideach agus íogair ann. Tugadh breithiúnas na Cúirte Uachtaraí le déanaí in *DPP v. WC* soiléireacht d'oibleagáidí na bpáirtithe uile – an t-ionchúisitheoir, an chosaint agus breitheamh na trialach – maidir leis seo. Diúltaíonn an breithiúnas don nós sin go bhfuil gá le nochtadh nótaí comhairleoireachta i gcásanna cionta gnéis ar an mbonn go bhfuil an t-ábhar ábhartha nó go bhféadfadh sé a bheith ábhartha. Soiléirítear nach féidir le gné ar bith de cheart an chúisí fanacht ina thost gurb iomchuí é a fhágáil teimhneach cén cás a d'fhéadfadh an chosaint iarraidh a dhéanamh ag an triail*;* agus gurb é ról bhreitheamh na trialach cinneadh a dhéanamh ar dhíospóidí. Déanann *WC* soiléir freisin nach mbíonn saincheisteanna a bhaineann le cur isteach tromchúiseach ar an saol príobháideach faoi réir a nochta de ghnáth ach amháin má bhaineann siad go díreach le saincheist sa chás.

Tá sé de dhualgas orainne sa tseirbhís ionchúisimh anois *WC* a oibriú agus a chinntiú go leanaimid de bheith ag comhlíonadh cearta trialach cothrom na ndaoine, agus ag an am céanna, cearta príobháideachta na n-íospartach agus tríú páirtithe eile a chinntiú.

Cé nár leag mé amach ar maidin inniu ach cuid de na réimsí a bhfuil gá ann aird agus athchóiriú a dhéanamh orthu, tá go leor is féidir a rá freisin faoin athléimneacht dhomhain atá sa tseirbhís ionchúisimh agus sa chóras ceartais choiriúil i gcoitinne. Tagann an athléimneacht seo ó na daoine a chuireann a saolta gairmiúla leis an obair seo sa chóras ceartais choiriúil agus a bhfuil an cumas acu fanacht dírithe ar sheirbhís atá cothrom agus éifeachtach a sheachadadh in aghaidh ualaí oibre fairsinge, agus ardleibhéal grinnscrúdaithe.

## Neamhspleáchas Sheirbhís Ionchúisimh na hÉireann

Is fíor-acmhainn é neamhspleáchas sheirbhís ionchúisimh na hÉireann, agus go deimhin iad breithiúna na hÉireann mar aon lenár mBarra neamhspleách, agus ní mór dúinne go léir a oibríonn sa chóras ceartais choiriúil a bheith airdeallach agus smachtaithe chun an neamhspleáchas sin a chosaint.

Sin ráite, ní mór coincheap na "neamhspleáchais" a choinneáil faoi stiúir i gcónaí chun a chinntiú nach gciallaíonn sé go mbeidh díolúine ón scrúdú poiblí ann agus gur féidir linn éisteacht le haiseolas agus cáineadh ach ár gcothromaíocht agus ár n-oibiachtúlacht a choinneáil. I gcás cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh, déantar an cás céanna i bhfóram poiblí, tuairiscítear sna meáin é, agus bíonn rochtain ag an bpobal air go ginearálta, seachas i gcás roinnt eisceachtaí. Is beag réimsí cinnteoireachta ann a bhfuil leibhéil chomhchosúla de ghrinnscrúdú agus de chuntasacht phoiblí déanta orthu.

I gcás go gcinnfear gan ionchúiseamh a dhéanamh, tá íospartaigh i dteideal cúiseanna agus athbhreithniú ar an gcinneadh sin. Ní fhaigheann an pobal, áfach, rochtain ar shonraí na fianaise nó na réasúnaíochta sin. Tá cúiseanna maithe beartais leis seo. Nuair a bhíonn an pobal i gcumarsáid leis an gcóras ceartais choiriúil, tá sé an-tábhachtach go bhfuil a fhios acu go bhfaightear agus go gcoimeádtar faisnéis faoi rún ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus nach bpléifear nó nach nochtfar í ach amháin chun na críche ar cuireadh ar fáil í. Tá prionsabal na neamhchiontachta go dtí go gcruthaítear ciontach é ina bhunchloch de gach córas ceartais choiriúil atá tiomanta don smacht reachta. Ní mór an prionsabal sin a chosaint nuair a dhéantar cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh chomh maith le nuair a dhéantar cinntí chun ionchúiseamh a dhéanamh. Ar na cúiseanna seo, mar Stiúrthóir, ní dhéanaim trácht poiblí ar chásanna aonair.

Foilsíonn m'Oifig, áfach, sonraí fairsinge inár dtuarascálacha bliantúla faoi líon na gcásanna a ndéanaimid ionchúiseamh orthu, torthaí na gcásanna sin agus an t-amlíne le haghaidh cinnteoireachta. Glacaimid páirt i raon leathan grúpaí oibre ina n-éisteann muid le ceisteanna comhghleacaithe ón earnáil NGO agus lenár gcomhpháirtithe ceartais choiriúil, mínímid ár gcuid oibre agus foghlaimímid ó aiseolas ár bpáirtithe leasmhara.

Tá sé tábhachtach freisin, agus neamhspleáchas m'Oifige á ráthú agam, go mbíonn mé féin agus m'fhoireann ag comhoibre le chéile chun tacú le córas ceartais choiriúil atá éifeachtach feidhmeach. Is comhthéacs nua é an leibhéal gníomhaíochta atá ar siúl faoi láthair sna cúirteanna coiriúla a éilíonn orainn athscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibrímid lenár gcomhpháirtithe ceartais choiriúil. Creidim go bhfuil an poitéinseal ann leanúint lenár gcomhoibriú a dhoimhniú ar fud an chórais – agus an fócas deiridh ar an gcóras a fheabhsú do mhuintir na hÉireann.

Fágfaidh mé é faoi mo chomhghleacaithe, Marion Berry agus Helena Kiely, atá mar chathaoirleach ar an gcéad agus an dara seisiún ar maidin, chun na cainteoirí agus a n-ábhair a chur i láthair. Ba mhaith liom, áfach, buíochas ó chroí a gabhail lenár gcainteoirí go léir – Tricia Harkin s'againn atá mar Bhall Náisiúnta na hÉireann in Eurojust faoi láthair; Tá Bernard Condon, Abhcóide Sinsir a bhfuil a fhoghlaim déanta aige, ar an bpainéal; Derek Smart, Príomh-Cheannfort sa Gharda Síochána Ms Justice Biggs; an Príomh-Cheannfort Com Noonan; Aoife O Leary; agus Noreen Landers chun labhairt faoin bPrótacal nua um Cheartas don Óige. Buíochas leo go léir as a gcomhghleacaíocht agus iad sásta píosa a rá inniu. Tá a fhios agam gur ceist shuntasach é agus táimid buíoch díobh as. Mo bhuíochas freisin do Shane Martin a chuirfidh ceann ar an gcomhdháil le píosa iontach.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil libh go léir as teacht ar maidin – lena n-áirítear an tArd-Aighne, mo réamhtheachtaithe Claire Loftus agus James Hamilton, chomh maith leis an iar-Leas-Stiúrthóir Barry Donoghue. Ba mhaith liom freisin an deis a thapú buíochas a ghabháil go háirithe le mo fhoireann go léir, leis na habhcóidí ar fad ar an bpainéal agus leis an 30 aturnae stáit a dhéanann ionadaíocht thar ceann na tíre dom as bhur gcuid oibre agus tiomantais ar fad ar son mhuintir na hÉireann. I ndeireadh na mbeart, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir ón bpobal ceartais choiriúil i gcoitinne – lena n-áirítear ár gcomhghleacaithe ón nGarda Síochána agus an iliomad gníomhaireachtaí imscrúdaithe eile a sheol comhaid chugainn – a tháinig linn anseo ar maidin. Tá súil agam go mbaineann sibh go léir taitneamh as an lá.

Mar fhocal scoir – ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann i m'Aonad Rialachais agus Gnóthaí Poiblí as an obair ar fad a rinneadh ar chomhdháil an lae inniu – ach go háirithe Kevin Graham as obair na gcapall a dhéanamh.